

## Gearr-Chló 21: Míniú do lucht na Gaeilge.

1. Tá **feidhm amháin agus fuaim amháin ag gach litir** sa chóras seo, ach an "x" ag deireadh focail, atá mar chomhartha uimhir iolra, in ionad -(a)í; -a; -(e)anna; (e)acha, srl.

2. An **"tilde" (~) thar an chonsan ag aimsiú consain "caol"** in ionad an tseanríail: "caol le caol agus leathan le leathan" a chur faid nár ghá agus mírialtacht san áit a ba chóir rialtacht agus soiléireacht a bheith ann.

3. An **"séimhiú" ar ais** go dtí an dóigh Gaelach agus ceart .i. san áit a mbíonn "h" sa "nualitriú". Cuireadh fad leis na focail uilig leis an "h" agus thug sin leithscéal dóibh na focail a "ghiorrú" ina dhiaidh sin, rud a chur isteach ar rialtacht agus ar shoiléireacht a bhí ann riamh roimhe.

In ionad ráiméis mór teicniúil a scríobh, bhéarfaidh mé sampla, a chuireann an "NuaGhaeilge Caighdeánaithe" taobh leis an litriú úr (GearrChló21): bhrúigh na Sasanaigh Éireannacha an córas amaideach seo orainn **mar mhasla agus mar mhíThreorú réamhBheartaithe**, ach, ó tharla go ndeachaigh - agus go dtéann - breabanna móra leis an ionsaí, ní fhaca duine ar bith go dtí le gairid nach raibh éadach ar bith a chaitheamh ag an "impire" - sin an dóigh a gceansaíonn na "mórUaisle" an dream cloíte, santach agus a gcuireann siad na húascain seo i gceanas ar an phobal: trí chleasaíocht mhaslach pobalDheighltech.

An sampla seo thíos, léiríonn sé, chomh maith, an scrios atá a imirt ag an chóras litrithe Sasanach seo ar shanasaíocht agus ar fhoclóireacht: leaganacha an fhocail "S a m h a i l" **sa chás seo: tcífidh tú go dtosaíonn GACH leagan de 'n fhocal leis na litreacha céanna: S A M I L**, rud a éascaíonn a chuardach i bhfoclóir - agus rud nach raibh/bhfuil na scriosadóirí ag iarraidh tabhairt duinn... **ní cheadaítear rud ar bith a dhéanfadh forbairt!**

Sa chóras seo, chomh maith leis na buntaistí luaite thuas, tá neamhSpleachas ó dhaorSmacht Shasana agus ÉirShasana a bhrúigh an bhunaíocht ar ár bpobal: coir a chur ina cheart!

<b>GearrChló21</b>	<b>Gaeilge na leabhar</b>	<b>Nótaí</b>
SΔmĩ (4)	Samhail (7)	
‘nc ŠΔmĩ (4)	(An) tsamhail (8)	
n- SΔmĩ- (4-)	(na) Samhla (6)	Gin uath
n- SΔmĩc̄x (6)	(na) Samhlacha (9)	Iolra: n “ai” r shiúl
SΔmĩò (5)	Samhlú (6)	Tá an “ai” ar shiúl
SΔmĩõ (5)	Samhlaigh (9)	Tá an “ai” ar shiúl
SΔmĩõc̄ (6)	Samhlaíoch (10)	
SΔmĩõc̄t (6)	Samhlaíocht (11)	
SΔmĩč̄ (5)	Samhailt (8)	
SΔmĩč̄c̄ (5)	Samhailteach (12)	
SΔmĩc̄- (5-)	Samhalta (8)	Tá an “a” ar shiúl
SΔmĩc̄c̄ (6)	Samhaltach (10)	Tá an “a” ar shiúl
SΔmĩc̄c̄t (7)	Samhaltacht (11)	Tá an “a” ar shiúl
SΔmĩc̄án (7)	Samhaltán (9)	Tá an “a” ar shiúl
SΔmĩc̄ts (6)	Samhaltas (9)	Tá an “a” ar shiúl
SΔmĩc̄án (7)	Samhlachán (10)	Tá an “ai” ar shiúl
SΔmĩc̄s (6)	Samhlachas (10)	Tá an “ai” ar shiúl
SΔmĩc̄smĩ (8)	Samhlachúil (11)	Tá an “ai” ar shiúl
SΔmĩò (5)	Samhladh (8)	=Samhlú sn fhoclóir
SΔmĩõ (6)	Samhlaoid (9)	Tá an “ai” ar shiúl
SΔmĩõc̄ (7)	Samhlaoid each (13)	Tá an “ai” ar shiúl
ŠΔmĩõ (5)	Shamhlaigh (10)	Tá an “ai” ar shiúl
ŠΔmĩõc̄ò sé/sí (7)	Shamhlódh sé/sí (9)	
SΔmĩõc̄õ sé/sí (7)	Samhlófaidh sé/sí (11)	

(tá na huimhreacha idir lúibíní ag tagairt do fhaid an fhocail .i. cuntas litreach)

Sa chás seo, nuair a chuartáítear an focal san fhoclóir, caithfear dul go dtí 4 áit faoi leith san fhoclóir don fhocal céanna .i. fíor; fír; fhíor; fhír: máistíneacht eile faoi cheilt!!

Tá an córas litrithe seo foirstineach do gach canúint Gaeilge: Gaeilge na Mumhan, Gaeilge Chonnachta, Gaeilge Uladh, Gaeilge na hAlbain agus an Mhanannais, de thairbhe go n-athraítear FUAIM focail le comhartha in ionad litriú an fhocail. Ach ab é gur teanga agus pobal faoi ionsaí pobal na Gaeilge, a bhfuil giollaí an Námhaid i gceannas air, ní ghlacfaimis lena léithéid de mháistíneacht.

Rinne “Rialtas na hÉireann” “leasú” ar chóras litrithe na Gaeilge thart fán bhliain 1948, **ach ní leas a bhí ann ach máistíneacht** dream daoine a bhí sasta dochar a dhéanamh ar ordaithe bhunaíocht Angla-Éireannach a bhí agus atá ar fad in éadán na Gaeilge mar phríomhTheanga na tíre seo. Cruthóidh an t-alt seo nach bréag ná áibhéal atá sa líomhain sin.

An bunSmaoineamh atá taobh thiar den chóras úr seo ná go mbeidh litriú (agus gramadach dá thairbhe sin):

Rialta

Níos gairide

Go mbíonn litir amháin d’ fhuaim amháin

O tharla na gairide agus na treithe eile thuas, **is féidir sanasaíocht na bhfocal a leiriú.**

Bíonn fuaim guta le gach consain sa Ghaeilge: fuaimnítear “b” mar shampla, mar “ba, nó “be” (.i. le guta neodrach ina dhiaidh) ag tús focail; fuaimnítear consain ag deireadh focail mar “ab”, “eb” (.i. le guta neodrach roimhe)

**Tarlaíonn rud eile sa Ghaeilge nár tugadh aitheantas do roimhe seo: is é sin go bhfadaítear fuaim chonsain i gcásanna ag deireadh focail.** Déantar FUAIM na litreach a athrú sa Ghaeilge, rud is fusa a dhéanamh le comharthaí ná le litreacha breise.

Tá fuaim faoi leith ag gach consain, ag brath ar chúig rud:

1. Caol nó leathan
2. Ag tús, lár nó ag deireadh focail
3. Le nó gan “séimhiú”
4. Le nó gan "urú"
5. Consan atá “fadaithe” ag deireadh focail.